

## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

### CUSPÓIRÍ

**Cabhróidh an treoir seo le múinteoirí tuiscint níos fearr a fháil ar:**

- Cad é atá i gceist le ‘Gaeilge chaighdeánach’ agus ‘an Caighdeán Oifigiúil’
- An gaol idir an Caighdeán Oifigiúil agus canúintí na Gaeilge
- Foinsí eolais a úsáid chun a fháil amach cé acu atá focal/struchtúr caighdeánach nó nach bhfuil
- Impleachtaí na gceisteanna seo maidir le cleachtais mhúinteoireachta

### Céard é an Caighdeán Oifigiúil?

Nuair a bunaíodh Saorstát Éireann in 1922, rinneadh cinneadh go gcuirfí bunreacht agus achtanna an stáit nua ar fáil i nGaeilge. Bhí roinnt fadhbanna ann, áfach, a chuir isteach ar an obair.

- Bhí a lán focal ann a raibh foirmeacha difriúla acu ó áit go háit tríd an tír. Cad ba cheart a scríobh: teach nó tigh; poist nó postanna; an gloine nó an ghloine; do dheineas nó rinne mé?
- Ní raibh daoine ar aon aigne faoi ghnéithe den ghramadach. Cad ba cheart a scríobh: cúig phunt nó cúig punt; ag an fhuinneog nó ag an bhfuinneog; ag canadh amhrán fada nó ag canadh amhráin fhada?

Rinne foireann aistritheoirí an stáit, Rannóg an Aistriúcháin, sraith moltaí faoi na ceisteanna sin, a foilsíodh sa leabhar Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge, an Caighdeán Oifigiúil (1958). As sin amach, bhí treoir chinnte ann faoi phointí gramadaí agus faoi ghnéithe den litriú nach raibh lucht na Gaeilge ar aon aigne fúthu.



## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

### Cén comhthéacs ina n-úsáidtear an CO?

Ceapadh an Caighdeán Oifigiúil (an CO) chun go mbeadh córas scríbhneoireachta amháin ann le haghaidh achtanna agus cáipéisí oifigiúla eile. Ach úsáidtear an CO i roinnt comhthéacsanna eile, go háirithe i gcáipéisí foirmeálta atá dírithe ar phobal léitheoireachta náisiúnta:

- Foirmeacha
- Tuarascálacha
- Cáipéisí eolais agus poiblíochta
- Suíomhanna gréasáin

Ní gá cloí leis an CO i dtéacsanna neamhfhoirmeálta, mar shampla: an scríbhneoireacht chruthaitheach, teachtaireachtaí pearsanta, dialanna, scrípteanna teilifíse.

### Míthuiscintí 1: “Tá mo chanúint féin mícheart!”

B’fhéidir go mbeadh faitíos ort nach bhfuil na rudaí a deir tú nó a scríobhann tú ag teacht leis an CO. Cuir i gcás, nuair a labhraíonn tú leis na páistí i dtús an lae; thiocthadh leat cenn ar bith de na frásaí seo a úsáid:

- Cad é mar atá sibh? (Atá an-choitianta i gCúige Uladh)
- Cén chaoi a bhfuil sibh? (Atá an-choitianta i gConnachta)
- Conas tá sibh? (Atá an-choitianta i gCúige Mumhan)

Seans go sílfeadh an múinteoir go bhfuil a leagan féin ‘canúnach’ nó taobh amuigh den CO. Is míthuiscint é sin: ní chuireann CO cosc ar fhrásaí nó ar fhocail díreach toisc go n-úsáidtear iad i gcanúint faoi leith. Is é a dhéanann an CO ná leagan caighdeánach amháin a mholadh i gcás go mbeadh **roinnt leaganacha den fhocal céanna ann**, mar shampla:

- Fata, préata, preáta, **práta**
- Gaothach, gaofarach, **gaofar**
- Tuigse, tuigbheáil, **tuiscint**



## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Socraíodh **leaganacha caighdeánacha** (práta, gaofar & tuiscint) chun go mbeadh leagan cinnte amháin ann in áit trí nó ceithre cinn. Cé go bhfuil an chiall chéanna le Cad é mar atá sibh, cén chaoi a bhfuil sibh agus conas tá sibh, ní leaganacha den aon fhrása amháin iad. Mar sin de, tá siad go léir chomh caighdeánach lena chéile. Tá sin fíor i gcás focail aonair chomh maith. Tá cailín, girseach agus gearrchaile go léir chomh caighdeánach lena chéile, fiú má tá blas Ultach, Muimhneach nó Connachtach orthu. Mar a chéile i gcás freisin, fosta agus leis agus a lán leaganacha eile a shíleann daoine a bheith ‘canúnach’.

### Leaganacha caighdeánacha agus leaganacha malartacha

Chonaicamar gur roghnaíodh práta, gaofar & tuiscint mar leaganacha caighdeánacha. Sin iad na foirmeacha ba cheart a úsáid más mian leat cloí leis an CO. Ní hionann sin agus a rá, áfach, go bhfuil na leaganacha eile (fata, gaothach, tuiirse etc) ‘mícheart’. Tugtar **leaganacha malartacha** ar a leithéid agus tá lánchead iad a úsáid sa scríbhneoireacht neamhfhoirmeálta.

### Ag úsáid FGB

Cuir i gcás go bhfuil tú in amhras faoi stádas focal nó frása éigin; conas is féidir a fháil amach cé acu leagan caighdeánach nó leagan malartach atá ann? Is furasta an t-eolas sin a fháil in Foclóir Gaeilge–Béarla (FGB) le Niall Ó Dónaill. Tá FGB ar fáil i roinnt formáidí:

- An leagan clóite a foilsíodh in 1977.
- Leagan leictreonach ar féidir é a chuardach ar líne: [www.teanglann.ie/en/fgb](http://www.teanglann.ie/en/fgb).

Féach **Físeán I**, a léiríonn conas FGB a úsáid chun teacht ar an eolas riachtanach.





## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

### Míthuiscintí 2: “Níl blas caighdeánach ar mo chuid Gaeilge.”

Baineann an CO leis an nGaeilge scríofa amháin. **Níl aon bhealach caighdeánach ann chun focal a rá.** Féach, mar shampla, focail mar dubh nó eitleán. Tá páistí ann a deir duv agus páistí eile a deir doo. Cuirfidh páistí i gceantair áirithe béim ar an dara siolla den fhocal eitleán agus beidh an bhéim ar an gcéad siolla ag páistí eile. Níl aon cheann acu ‘níos caighdeánaí’ ná a chéile.

### Cén bhaint atá ag an CO le hobair an mhúinteora bunscoile?

Mar atá feicthe againn thuas, **is treoir don Ghaeilge scríofa atá sa CO.** Úsáidtear é le téacsanna oifigiúla agus le téacsanna atá dírithe ar lucht léitheoireachta náisiúnta a scríobh. Is léir, mar sin, nach bhfuil baint díreach ag an CO leis na cineálacha téacsanna a bhíonn á scríobh ag páistí bunscoile, mar shampla:

- dialanna
- scéalta gairide
- nótaí, tráchttaireachtaí
- cluichí focal agus litreacha





## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

Mar sin féin, tá **tábhacht indíreach** ag an CO in obair an bhunmhúinteora. Sna Treoirlínte do Mhúinteoirí a cuireadh le Curaclam Gaeilge na Bunscoile, moltar do mhúinteoirí ‘an teanga a cheartú nuair is gá’ in obair scríofa na ndaltaí. Tá an baol ann go measfar leaganacha malartacha a bheith mícheart agus go gceartófar iad ar shlí a chuirfidh as d’fhéinmhuinín an pháiste. Tá roinnt rudaí eile le cur san áireamh:

- Ní mór do mhúinteoirí tuiscint a bheith acu ar phríomhchoincheapa an CO agus ar an ngaol idir an CO agus na canúintí Gaeilge, sa chaoi is go mbeidh siad in ann a gcuid téacsanna scríofa féin a ullmhú go muiníneach.
- Cabhróidh tuiscint ar an CO/canúintí na Gaeilge le múinteoirí téacsanna léitheoireachta den chineál atá molta sa Churaclam Bunscoile a roghnú, i.e. scéalta gearra béaloidis, rainn agus dánta dúchasacha. Bíonn a lán leaganacha malartacha sna hábhair sin agus níor cheart iad a ‘cheartú’.
- Cabhróidh tuiscint ar an CO/canúintí na Gaeilge le múinteoirí saothar na bpáistí a léamh amach os ard agus/nó a chur ar taispeáint. Níor cheart leaganacha malartacha sna píosaí seo a ‘cheartú’.

Féach **Físeán 2**, ina míníonn Anna Ní Chartúir, Príomhoide Scoil Leitir Mucú, Conamara, gnéithe den deá-chleachtas maidir le cúrsaí canúna i scoileanna.



### Míthuiscintí 3: “Ní athraíonn an CO.”

Níor fhan an CO mar a bhí an uair a ceapadh é sa bhliain 1958. Foilsíodh leagan athbhreithnithe de in 2013 agus déanfar é sin a leasú go tráthrialta san am atá le teacht. Níl sé leath chomh docht agus a shíleann daoine. Bheadh iontas ar mhúinteoirí, b’fhéidir, a fháil amach cén tsaoirse a thugann an CO do scríbhneoirí. An t-aon bhealach le fáil amach ná é a léamh.

## Caighdeán agus Canúint: Treoir do Mhúinteoirí

### Tagairtí

An Roinn Oideachais, (1999). *Curaclam na Bunscoile, Gaeilge, Teanga, Treoracha do Mhúinteoirí*. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar líne: [www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary\\_Gaeilge\\_Guidelines.pdf](http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary_Gaeilge_Guidelines.pdf).

Ó Dónaill, Niall, (1977). *Foclóir Gaeilge–Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm. Leagan leictreonach ar fáil ar líne: <http://www.teanglann.ie/en/fgb>.

Seirbhís Thithe an Oireachtais, (2013). *Gramadach na Gaeilge, An Caighdeán Oifigiúil: Caighdeán Athbhreithnithe*. Baile Átha Cliath. Ar fáil ar líne: [www.oireachtas.ie/parliament/media/Final-Version.pdf](http://www.oireachtas.ie/parliament/media/Final-Version.pdf).

Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil (2016), Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais. Ar fáil ag: [http://www.oireachtas.ie/parliament/media/translators/An-Caighdeán-Oifigiúil\\_2016.pdf](http://www.oireachtas.ie/parliament/media/translators/An-Caighdeán-Oifigiúil_2016.pdf).